# Treoracha faoin tslí le Doiciméad Soghluaisteachta Europass a líonadh isteach

## Cad is Doiciméad Soghluaisteachta Europass ann?

Is doiciméad caighdeánach é Doiciméad Soghluaisteachta Europass a úsáidtear ar fud na hEorpa agus ina dtaifeadtar go foirmiúil scileanna agus inniúlachtaí a fuair duine aonair d'aois, leibhéal oideachais nó stádas gairme ar bith, le linn tréimhse shoghluaisteachta i dtír Eorpach eile(tíortha an Aontais Eorpaigh / CSTE / LEE agus tíortha is iarrthóirí).

## An cuspóir atá le Doiciméad Soghluaisteachta Europass

Le Doiciméad Soghluaisteachta Europass féachtar le:

- trédhearcacht agus sofheictheacht na taithí shoghluaisteacht Eorpaí a threisiú, ionas gur fusa do shealbhóirí an méid a ghnóthaigh siad le linn na soghluaisteachta a thaispeáint, go háirithe eolas, scileanna agus inniúlachtaí;
- daoine a spreagadh chun aitheantas a thabhairt do thaithí a fuarthas thar lear;
- soghluaisteacht Eorpach do chuspóirí foghlama a chur chun cinn, trína thorthaí a dhéanamh níos sofheicthe.

## Conas a oibríonn sé?

Féadfaidh eagraíocht ar bith a eagraíonn taithí shoghluaisteachta sna tíortha thuasluaite iarratas a dhéanamh ar Doiciméad Soghluaisteachta Europass thar ceann daoine aonair.

Ní féidir le daoine aonair iarratas díreach a dhéanamh. Eagraíochtaí amháin a fhéadann iarratasa dhéanamh thar ceann duine aonair.

## Cén sórt soghluaisteachta a cháilíonn?

Aon taithí i dtír Eorpach eile (Ballstát AE / tír is iarrthóir nó tír de chuid Chomhlachas Saorthrádálana hEorpa / an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch) do chuspóirí foghlama.

## An leanann cáilíocht as Doiciméad Soghluaisteachta Europass?

Ní leanann. Is doiciméad Eorpach é an Doiciméad Soghluaisteachta Europass ina dtaifeadtartréimhsí de shoghluaisteacht Eorpach.

## An gcaithfear íoc as an Doiciméad Soghluaisteachta Europass?

Ní chaithfear.

## Cé a eisíonn an Doiciméad Soghluaisteachta Europass?

### Ionaid Náisiúnta Europass

I gcomhar leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta bainteacha, cinntíonn Ionaid NáisiúntaEuropass:

- nach n-eisítear doiciméid Doiciméad Soghluaisteachta Europass ach amháin chun taithífoghlama Eorpach a thaifeadadh i gcás ina sásaítear na coinníollacha atá liostaithe thuas;
- go líontar isteach doiciméid Doiciméad Soghluaisteachta Europass de réir na dtreorachathíos agus go mbronntar iad ar shealbhóirí mar chóip chrua nó i bhfoirm leictreonach.

Má dhéanann Ionaid Náisiúnta Europass bainistíocht an Doiciméid Soghluaisteachta Europass a tharmligean chuig comhlacht amháin eile nó níos mó, is orthu atá an fhreagracht a chinntiú go gcuirtear na feidhmeanna thuas i gcrích i gceart.

Féadfaidh Ionaid Náisiúnta Europass socruithe áirithe náisiúnta a chur chun feidhme, chun Doiciméid Soghluaisteachta Europass a phróiseáil.

### Seoladh agus óst-chomhpháirtithe

I gceist i nDoiciméad Soghluaisteachta Europass tá comhpháirtíocht idir an eagraíocht a sheolann an Doiciméad Soghluaisteachta Europass chuig an sealbhóir (an comhpháirtí seolta) agus an eagraíocht a óstálann shealbhóir an Doiciméad Soghluaisteachta Europass thar lear (an t-óst-chomhpháirtí). Aontaíonn an dá eagraíocht ar chuspóirí nó ábhair, aidhmeanna, fad tréimhse, modhanna agus monatóireacht na taithí sa Doiciméad Soghluaisteachta Europass, agus an teanga/na teangacha ina líonfar amach an Doiciméid Soghluaisteachta Europass.

Is iad an comhpháirtí seolta agus an t-óst-chomhpháirtí den tionscadal soghluaisteachta a líonann isteach an Doiciméad Soghluaisteachta Europass. De ghnáth is é an comhpháirtí seoltaa eisíonn an doiciméad deiridh. Gheofar tuilleadh faisnéis ó d'Ionad Náisiúnta Europass (féach https://europa.eu/europass/ga/national-europass-centres).

Bainfear den doiciméad a eiseofar aon réimse den Doiciméad Soghluaisteachta Europass a fhágfar bán.

## An nós imeachta chun doiciméad Doiciméad Soghluaisteachta Europass a eisiúinta

### (1) An comhpháirtí seolta

(a) iarrann sé ar an Ionad Náisiúnta Europass ina thír féin – nó ar an gcomhlacht dár tharmlig an tIonad bainistíocht an Doiciméid Soghluaisteachta Europass – an teimpléad a sholáthar (m.sh. trí phasfhocal a úsáid chun dul isteach sa chuid ábhartha de shuíomh gréasáin Europass: https://europa.eu/europass/en/europass-mobility-instructions);

(b) líonann sé isteach na ranna "Sealbhóir an doiciméid", "Eagraíocht eisithe", "Comhpháirtíseolta", "Óst-chomhpháirtí", "Cur síos ar an taithí Shoghluaisteachta;

(c) seolann sé an Doiciméad Soghluaisteachta Europass chuig an óst-chomhpháirtí;

(d) cuireann sé na treoracha seo ar fáil don óst-chomhpháirtí chun an doiciméad a líonadhisteach sa teanga/sna teangacha lena mbaineann.

Chun cabhrú leis an óst-chomhpháirtí, agus i gcomhaontú leis, féadfaidh an comhpháirtí seolta na ranna seo a leanas a líonadh isteach roimh ré: "Scileanna a sealbhaíodh le linn na taithí Soghluaisteachta" agus/nó "Taifead de chúrsaí a críochnaíodh agus gráid/marcanna/creidiúintí aonair a fuarthas".

### (2) An t-óst-chomhpháirtí

(a) líonann sé isteach na ranna ""Scileanna a sealbhaíodh le linn na taithí Soghluaisteachta" agus/nó "Taifead de chúrsaí a críochnaíodh agus gráid/marcanna/creidiúintí aonair a baineadh amach";

(b) stampálann sé agus/nó síníonn sé an Doiciméad Soghluaisteachta Europass;

(c) seolann sé an Doiciméad Soghluaisteachta Europass críochnaithe ar ais chuig an gcomhpháirtí seolta.

### (3) An comhpháirtí seolta

(a) eisíonn sé an Doiciméad Soghluaisteachta Europass don sealbhóir i gcóip chrua agus ibhfoirm leictreonach;

(b) stórálann sé an Doiciméad Soghluaisteachta Europass mar is cuí, de réir na nósannaimeachta.

**Tacaíocht**

Gheofar eolas breise ar Dhoiciméad Soghluaisteachta Europass ag: https://europa.eu/europass/ga/europass-mobility

Déan teagmháil le d'Ionad Náisiúnta Europass: https://europa.eu/europass/ga/national-europass-centres

europass

# Doiciméad Soghluaisteachta Europass

## Doiciméad Shoghluaisteacht Europass Samplach

Doiciméad Soghluaisteachta Europass

## Sealbhóir an doiciméid

1 SLOINNE / SLOINNTE *
Ó Broin

2 CÉADAINM(NEACHA) *
Seán

3 SEOLADH
12-14 Sráid an Mhóta Íochtar
Baile Átha Cliath 2
R93 TT2
ÉIRE

4 DÁTA BREITHE
09 | 09 | 1991
ll | mm | bbbb

5 NÁISIÚNTACHT
Eagraíocht eisiúna

## Eagraíocht eisiúna

6 AINM NA hEAGRAÍOCHTA*
Coláiste Gairmoideachais Belfield


7 UIMHIR AN DOICIMÉID*
EM IE-123546e

8 DÁTA EISIÚNA*
09 | 09 | 2016
ll | mm | bbbb

## Comhpháirtí seolta

9 AINM AGUS SEOLADH *
Roinn Leictreonaice Choláiste
Gairmoideachais Belfield
213 Bóthar Dhumhach Trá
Baile Átha Cliath
ÉIRE

10 STAMPA AGUS/NÓ SÍNIÚ



11 SLOINNE / SLOINNTE AGUS CÉADAINM(NEACHA) TEISTIMÉARA / MEANTÓRA*
Seán Ó Riain

12 TEILEAFÓN
+353-1 12 345 67 89


13 TEIDEAL/POST
Léachtóir Sinsearach

14 R-PHOST
jryan@irel.ie

## Óst-chomhpháirtí

15 AINM AGUS SEOLADH *
Barcelona-University
Carrer de Sant Antoni 222
01234 Barcelona
ESPAÑA

16 STAMPA AGUS / NÓ SÍNIÚ



17 SLOINNE / SLOINNTE AGUS CÉADAINM(NEACHA) TEISTIMÉARA / MEANTÓRA*
Jorge Piglia

18 TEILEAFÓN
+34 914311234

19 TEIDEAL / POST
Ceann na Roinne Bithmhéadrachta

20 R-PHOST
mjpiglia@spain.es

* Ceannteidil éigeantacha is ea ceannteidil atá marcáilte le réalta.

europass

# Doiciméad Soghluaisteachta Europass

## Cur síos ar an taithí shoghluaisteachta

21 CUSPÓIR NA TAITHÍ SOGHLUAISTEACHTA*

Chun taithí oibre i dtimpeallacht idirnáisiúnta a fháil nó a fheabhsú

22 TIONSCNAMH OIDEACHAIS NÓ OILIÚNA A RINNEADH LE LINN NA TAITHÍ SOGHLUAISTEACHTA

Cáilíocht gairmoideachais meánscoile uachtaraí - Leictreoir (socrúchán éigeantach)

23 AN CLÁR POBAIL NÓ SOGHLUAISTEACHTA I dTRÁCHT

Clár malartaithe leis an gCumann Trádála i mBarcelona

FAD NA TAITHÍ SOGHLUAISTEACHTA

24 Ó* 09 | 01 | 2016 (ll mm bbbb)    25 GO * 30 | 06 | 2016 (ll mm bbbb)

## Scileanna a sealbhaíodh le linn na taithí soghluaisteachta

26A GNÍOMHAÍOCHTAÍ / TASCANNA A RINNEADH*

- Lascthrealamh agus cláir dháiliúcháin a shuiteáil agus a thriail
- Lochtanna i gcórais sreangaithe agus i dtrealamh leictreach a aimsiú agus a dheisiú
- Feistithe agus rialuithe solais a shuiteáil, a thriail, a choimisiúnú agus a chothabháil

27A SCILEANNA BAINTEACH LEIS AN bPOST

- Scéimléaráidí agus sreabhchairteacha a léirmhíniú
- Sreangú le haghaidh soilsiú agus dáileadh cumhachta a shuiteáil agus a thástáil
- Doiciméid a bhaineann leis an jab a líonadh isteach

28A SCILEANNA TEANGA

- Sárscileanna cumarsáide; in ann orduithe a phróiseáil ó chustaiméirí a labhair Iodáilis

29A SCILEANNA RÍOMHAIREACHTA

- In ann feidhmchláir Microsoft Office a úsáid chun doiciméid leictreonacha a thaifeadadh agus a bhainistiú

30A SCILEANNA EAGRAÍOCHTÚLA / BAINISTEOIREACHTA

- In ann na tascanna a dhéantar le linn an tsocrúcháin a eagrú

31A SCILEANNA CUMARSÁIDE

- Sárscileanna cumarsáide á léiriú sa teagmháil laethúil le custaiméirí
- Eolas maith ar chleachtais chorparáideacha maidir le déileáil le hiarratais ó chustaiméirí
- Réitíonn go maith le baill na foirne

32A SCILEANNA

Oiliúint láimhsithe leibhéal 2 (10 uaire) eagraithe ag an óst-eagraíocht – Teastas CPD Deimhnithe faighte ag deireadh na hoiliúna

33A DÁTA*

09 | 09 | 2016 (ll mm bbbb)

34A SÍNIÚ AN TEISTIMÉARA / MHEANTÓRA*



35A SÍNIÚ AN tSEALBHÓRA



europass

# Doiciméad Soghluaisteachta Europass

* Ceannteidil éigeantacha is ea ceannteidil atá marcáilte le réalta.

26B UIMHIR MHÁITHREÁNACH AN MHIC LÉINN * Glan agus cuir téacs ina áit

| 27B CÓD AONAID AN CHÚRSA[1] | 28B TEIDEAL AN AONAID CHÚRSA* | 29B FAD[2] * | 30B GRÁD ÁITIÚIL[3] * | 31B GRÁD ECTS/ECVET | 32B CREIDIÚINT ECTS/ECVET[4] |
|---|---|---|---|---|---|
| FN 001 | Túseolas ar chuntasaíocht airgeadais | 1 seimeastar | 63 | B | 7 |
| FN 002 | Spáinnis don Ghnó | 1 seimeastar | 60 | B | 7 |

Cuir línte leis nó bain iad de réir mar is gá.

33B AISTE / TUARASCÁIL / TRÁCHTAS

Aiste 75 leathanach (tuarascáil phraiticiúil) ar fhorálacha nua AE maidir le rialú inmheánach, a cuireadh faoi bhráid moltóirí agus a bailíochtaíodh an 23 Meitheamh 2016

34B AN TEASTAS / DIOPLÓMA / CÉIM A BRONNADH, más ann

Baitsiléir i staidéar gnó

35B SLOINNE / SLOINNTE AGUS CÉADAINM(NEACHA) AN MHEANTÓRA / OIFIGIGH RIARACHÁIN*

Pierre Lasserre

37B DÁTA AN BHAILÍOCHTAITHE*

09 | 06 | 2016

ll mm bbbb

36B SÍNIÚ AN tSEALBHÓRA




38B AINM AGUS SEOLADH NA hINSTITIÚIDE *

Université Lyon 2
UFR de Sciences Économiques et de Gestion
16 Quai Claude Bernard
69365 Lyon Cedex 07
FRANCE

39B STAMPA AGUS / NÓ SÍNIÚ




* Ceannteidil éigeantacha is ea ceannteidil atá marcáilte le réalta.

[1] CÓD AONAID AN CHÚRSA: Féach Pacáiste Faisnéise ECTS atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hóst-eagraíochta

[2] FAD AN AONAID CHÚRSA: B= Aon bhliain acadúil iomlán | 1S = 1 seimeastar | 2S = 2 sheimeastar | 1T = 1 téarma/trímistéir | 2T = 2 théarma/thrímistéir

[3] CUR SÍOS AR CHÓRAS GRÁDAITHE NA hINSTITIÚIDE:

[4] CREIDIÚINTÍ ECTS: 1 bhliain acadúil iomlán = 60 creidiúint | 1 seimeastar = 30 creidiúint | 1 téarma/trímistéir = 20 creidiúint